An Drámaíocht sa luathoideachais

Drámaíocht

Cur in Aithne

Cluiche na nAinmneacha

A. Is mise ainm + gníomh

An Grúpa ar fad: Is tusa + aithris a dhéanamh ar an ngníomh

Gníomh difriúil ag gach duine *BÍ CRUTHAITHEACH!!!!!*

Forleathnú:

A. Is mise ainm + gníomh + Is maith liom (roghnaigh téama m.s. bia, torthaí, spóirt,ainmhithe, caitheamh aimsire)

An Grúpa ar fad: Is tusa ainm + aithris ar an ngníomh + is maith leat

DRÁMAÍOCHT?????? an gciallaíonn sé……

…..an end of term play staged by nervous children, organized by overwrought teachers, and watched by fond parents (Sarah Phillips)

Drámaíocht sa luathoideachas:

- Cén aois?
- Cén fáth?
- Cén chaoi?
- Céard/Cad a theastaíonn?

(1) Cén Aois?

Gach aois ….

……..Ag tosú chomh luath agus is féidir!!!

A. - 2 bhliain d’aois

Cén Fáth?

"Drama and dramatic activities in pre-school education positively affects the cognitive development of the child, connected to all development areas (Akın, 2002). Drama enables the development of imitation and imagination skills of the child; it provides an understanding of the instructions given during activities and remembering them later, thus developing perception and memory, attention and concentration. Dramatic activities and drama in pre-school education provides children with opportunities to use language actively, and to develop language as a tool of oral communication. Rhythm, tempo, and accent activities are also used and developed in drama". (*Aysem Tombaka, a Teacher. OsmanTurkay Nursery School. Ozanköy –TRNC)*

Cén Fáth?

- Forbairt teanga
- Cothú féin mhuiníne
- Có-oibriú
- Spraoi agus sult

Drámaíocht-Cluichí

Teanga

Féin mhuinín

Có-oibriú

Spraoi

(1) Siúl ar Nós...

- *Glaonn an múinteoir na hordaithe agus déanann na páistí mím.*
- **Siúl ar nós luchín**
- **Siúl ar nós bheith ag dul trasna na habhann ar chlocha**
- **Siúl ar nós bheith ar ghaineamh te le cosa nochta**
- **Siúl ar nós bheith ar leac oighear**
- **Siúl ar nós eilifint**
- **Siúl ar nós róbot**
- **Siúl ar nós go bhfuil tú san ollmhargadh agus go bhfuil deifir ort**
- **Siúl ar nós go bhfuil malaí troma agat**

Is féidir an cluiche seo a úsáid chun na mothúcháin a léiriú:

- **Siúl agus cuma ort go bhfuil ocras ort**
- **Siúl agus cuma ort go bhfuil eagla/faitíos ort**
- **Siúl agus cuma go bhfuil tuirse an domhain ort.**

(1)“We’re going on a Bear Hunt” “Ag cuartú Béir”

(ar Word Doc)

https://www.youtube.com/watch?v=0gyI6ykDwds

Táimid ag cuartú Béir

Béar mór dubh

Tá an lá go breá

‘S níl eagla (faitíos)orainn

Uh-uh! Féar!

Féar fada glas

Ní féidir linn dul tharais!

Ní féidir linn dul faoi!

Ó! Ó! Caithfimid dul tríd!

Swishy swashy! Swishy swashy! Swishy swashy!

Táimid ag cuartú Béir

Béar mór dubh

Tá an lá go breá

‘S níl eagla (faitíos)orainn

Uh-uh! Abhainn!

Abhainn dhoimhin dhorcha

Ní féidir linn dul tharais!

Ní féidir linn dul faoi!

Ó! Ó! Caithfimid dul tríd!

Splash splosh! Splash splosh! Splash splosh!

Táimid ag cuartú Béir

Béar mór dubh

Tá an lá go breá

‘S níl eagla (faitíos)orainn

Uh-uh! Puiteach/láib!

Puiteach tiubh bog

Ní féidir linn dul tharais!

Ní féidir linn dul faoi!

Ó! Ó! Caithfimid dul tríd!

Squelch squerch! Squelch squerch! Squelch squerch!

Táimid ag cuartú Béir

Béar mór dubh

Tá an lá go breá

‘S níl eagla (faitíos)orainn

Uh-uh! foraois!

Foraois mhór dhorcha

Ní féidir linn dul tharais!

Ní féidir linn dul faoi!

Ó! Ó! Caithfimid dul tríd!

Truisle tit! Truisle tit! Truisle tit!

Táimid ag cuartú Béir

Béar mór dubh

Tá an lá go breá

‘S níl eagla (faitíos) orainn

Uh-uh! Stoirm shneachta!

Ní féidir linn dul tharais!

Ní féidir linn dul faoi!

Ó! Ó! Caithfimid dul tríd!

Hooo wooo! Hooo wooo! Hooo wooo!

Táimid ag cuartú Béir

Béar mór dubh

Tá an lá go breá

‘S níl eagla (faitíos) orainn

Uh-uh! Pluais!

Pluais ghruama dhorcha.

Ní féidir linn dul tharais!

Ní féidir linn dul faoi!

Ó! Ó! Caithfimid dul tríd!

Barraicíní! Barraicíní! Barraicíní!

CÉARD É SIN!

Srón fhliuch, shleamhain!

Dhá chluais chlúmhach!

Dhá shúil mhóra!

BÉAR ATÁ ANN!

Ar ais go beo! Tríd an bpluais!

Barraicíní! Barraicíní! Barraicíní!

Tríd an stoirm shneachta!

Hoooo woooo! Hoooo woooo! Hoooo woooo!

Tríd an bhforaois!

Truisle tit! Truisle tit! Truisle tit!

Tríd an bpuiteach!

Squelch squerch! Squelch squerch! Squelch squerch!

Tríd an abhainn!

Splash splosh! Splash splosh! Splash splosh!

Tríd an bhféar!

Swishy swashy! Swishy swashy! Swishy swashy!

Sa bhaile arís

Oscail an doras,

Suas an staighre. Ó! Ó!

NÍOR DHÚN MUID AN DORAS!!!

Síos an staighre

Suas an staighre arís

Isteach sa seomra codlata

Isteach sa leaba

Isteach faoin bpluid/mblaincéad

Ní bheidh muid ag cuartú béir níos mó!

(2) Bronntanas

- **Cluiche beirte é seo.**
- **Tugann A bronntanas do B. Níl sé beartaithe ag A cad tá ann.**
- **Féachann B ar an mbronntanas agus ainmníonn sé é.**
- **Freagraíonn A ag míniú do B cén fáth gur cheannaigh sé an bronntanas sin do A.**

Sampla:

A: Seo duit bronntanas.

B: Míle buíochas as ucht an SCAIRF. Is breá liom é.

A: Tá fáilte romhat. Cheannaigh mé é sin duit toisc go bhfuil scornach tinn agat.

(3) Cnag Cnag: Cé tusa?

Cuirtear púicín ar pháiste amháin.

- **Roghnaíonn an múinteoir páiste eile a bhuaileann cnag ar dhrom an pháiste leis an bpúicín agus a chuireann an cheist –**
  - ***Cé mise*?**
- **Tomhaiseann an páiste leis an bpúicín ar a s(h)úile:**
  - ***An tusa Ciara/An tusa Fionn*…?**
  - **Freagraíonn an páiste eile - *Is mé/Ní mé* !**
- **Spreagann an múinteoir na páistí a nguthanna a cheilt trí shampla a thabhairt ar ghuthanna difriúla a úsáid. (guth ard, guth íseal, guth garbh, guth séimh..) Faigheann an páiste leis an bpúicín trí sheans tomhais a dhéanamh.**
- **Muna bhfuil ag éirí leis/léi tugann an múinteoir nodanna:**

  m.sh
  - ***Tosaíonn a (h)ainm leis an litir S.***
  - ***Suíonn sé/sí ag barr an tseomra ranga.***
  - ***Itheann sé oráiste gach lá don lón…***

  Tugtar seans do gach páiste a bheith ag caitheamh an phúicín agus ag tomhais.

(4) Tomhais an Focal

- Téann páiste (A) lasmuigh den doras.
- Roghnaíonn an rang dobhriathar áirithe m.sh. go mall, go tapaidh, go ciúin, go crosta, go bog, go háthasach, go feargach, go brónach…..
- Tagann (A) isteach arís.
- Roghnaíonn (A) ceathrar nó cúigear páiste. Seasann na páistí seo suas.
- Tugann (A) orduithe do na páistí seo duine ar dhuine tasc éigin a dhéanamh, m.sh. Scuab an t-úrlár, Oscail an fhuinneog, Siúl go bun an tseomra, Ith do dhinnéar…
- Caithfidh an páiste an tasc a dhéanamh ag léiriú an fhocail a phioc siad. Má tá an focal “feargach” roghnaithe acu, scuabann an páiste an t-úrlár go feargach.
- Tomhaiseann (A) an focal ansin.

(5) Babhla Torthaí.

Suíonn na páistí i gciorcal. Tugann an múinteoir ainm ar leith do na páistí m. sh. ‘cóta’, ‘bríste’, ‘bróga’.
Seasann an múinteoir i lár an chiorcail agus nuair a ghlaonn an múinteoir an focal ‘bróga’ amach caithfidh gach páiste a bhfuil an focal sin aige/aici bogadh timpeall go háit nua

Is féidir torthaí, ainmhithe, bianna &rl a úsáid ag brath ar cén foclóir ata á threisiú an tseachtain sin

Drámaíocht-léiriúchán
stáitse

Puipéid

Cochaillín agus an Mactíre

Tá do shúile an-mhór, an-mhór, an-mhór

Tá do shúile an-mhór, céard a tharla 'Mhamó?

Ó níl tada mícheart leo, mícheart leo, mícheart leo

Ó níl tada mícheart leo*, feicim* gach ní beo!!!

Tá do chluasa an-mhór, an-mhór, an-mhór

Tá do chluasa an-mhór, céard a tharla 'Mhamó?

Ó níl tada mícheart leo, mícheart leo, mícheart leo

Ó níl tada mícheart leo, *cloisim* gach ní beo!!!

Tá do fhiacla an-mhór, an-mhór, an-mhór

Tá do fhiacla an-mhór, céard a tharla 'Mhamó?

Ó níl tada mícheart leo, mícheart leo, mícheart leo

Ó níl tada mícheart leo, mar beidh mé in ann *tú a ith*'

Céard a theastaíonn?

Cultacha bunúsacha:

- **“tops” le muinchillí fada agus “leggings”i**:
- Dubh-Scéalaithe, An Oíche, Púca, Cailleach
- Donn-Crainnte (géaga ó chrainnte ina lámha ag na páistí: an-éifeachtach)
- Bán – Calóga Sneachta, Aingle, Scamaill
- “Tops” glas le “leggings” donn: Bláthanna
- Péint Éadain: *“Snazaroo”* (Uisce bhunaithe)
- Boird agus Cathaoireacha-ní theastaíonn seit mór galánta.
- Ainmhithe: Bandaí gruaige le cluasa déanta as cairtpháipéar. Ní mholaim mascanna mar múchann siad an glór.
- Puipéid –ceannaithe nó lámh dhéanta

Achmhainní

Suíomhanna Idirlín a dhíolann cultacha drámaíochta

- The Costume Shop: www.thecostumeshop.ie
- A2Z Kids: www.a2z-kids.co.uk
- Fancy Dress Store: www.fancydressstore.ie
- Party Mad: www.partymad.ie

Rannta/Dánta

An Fear Sneachta

Fear beag bán
Hata ar a cheann
Ag leá, ‘s ag leá Ag leá, ‘s ag leá
Anois tá sé leáite

Bean bheag bhán
Hata ar a ceann
Ag leá, ‘s ag leá Ag leá, ‘s ag leá
Anois tá sí leáite



Buail ar an doras, Is féach isteach.
Árdaigh an laiste, Agus siúl isteach.
Suigh ar an stól Agus bí ag ól –
Is cén chaoi a bhfuil tú ar maidin?

MO MHADRA Sin é mo mhadra – Ina shuí ar an stól. Bíonn sé ag ithe is Bíonn sé ag ól. Ólann sé bainne agus Itheann sé cnámh is Deir sé - ‘bhuf, bhuf !’, Nuair a bhíonn sé lán !

MO MHADRA

Sin é mo mhadra
Ina shuí ar an stól.
Bíonn sé ag ithe is
Bíonn sé ag ól.
Ólann sé bainne agus
Itheann sé cnámh is
Deir sé - ‘bhuf, bhuf !’,
Nuair a bhíonn sé lán !



Amhráin

1. Tháinig mé ar scoil

Tháinig mé ar scoil agus shiúil mé mar seo , shiúil mé mar seo, shiúil mé mar seo
Tháinig mé ar scoil, agus shiúil mé mar seo, ar mo shlí ar scoil

Chonaic mé coinín agus phreab sé mar seo, phreab sé mar seo, phreab sé mar seo
Chonaic mé coinín agus phreab sé mar seo, ar mo shlí ar scoil

Chuala mé spideog, agus chan sí mar seo, chan sí mar seo, chan sí mar seo
Chuala mé spideog agus chan sí mar seo ar mo shlí ar scoil

Chonaic mé ------ agus léim sé mar seo, léim sé mar seo, léim sé mar seo
Chonaic mé ------ agus léim sé mar seo, ar mo shlí ar scoil

Chuala mé madra ag tafann mar seo, ag tafann mar seo, ag tafann mar seo
Chuala mé madra ag tafann mar seo ar mo shlí ar scoil

2. Sín do lámha

Sín do lámha suas thar do cheann
Cas thart timpeall aon uair amháin
Déan luascadh beag anonn ‘s anall
Síos leis na lámha síos go mall.

(3) Páistí Óga

Páistí óga ag dul ar scoil,
Ag dul ar scoil, ag dul ar scoil,
Ag dul ar scoil gach maidin.

Páistí óga ag ithe lóin,
Ag ithe lóin, ag ithe lóin,
Ag ithe lóin gach maidin.

Páistí óga ag fágáil slán,
Ag fágáil slán, ag fágáil slán,
Ag fágáil slán tráthnóna

Rabhlóga

Iora rua amuigh faoin tuath.

Fia ag rith i ndiaidh giorria.

Seacht sicín ina seasamh sa sneachta (lá seaca).

Cheannaigh cailín cliste ceanúil císte.

Cearc uisce faoi uisce is í ag slubáil is ag slabáil. Cé déarfadh naoi n-uaire é gan anáil a tharraingt?

Rug rón liath ar roc leathan rua



Acmhainní



Ardaigh an Laiste Amhráin & Rannta don Aos Óg
(Oidhreacht Chorca Dhuibhne)

https://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/Spraoi-le-Cheile.pdf

https://www.cic.ie/

https://www.futafata.ie/

Aon
Cheisteanna
????????

Go raibh míle maith agaibh!